2024/2058

26.7.2024

CINNEADH (AE) 2024/2058 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2024

maidir le neamh-athsholáthar Comhaltaí den Choimisiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 246, an tríú mír, de,

Ag féachaint don togra ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis toghchán 2024 do Pharlaimint na hEorpa, d'éirigh an Coimisinéir VĂLEAN agus an Coimisinéir SINKEVIČIUS as mar chomhaltaí den Choimisiún le héifeacht ón 15 agus ón 16 Iúil, faoi seach, chun glacadh leis na suíocháin i bParlaimint na hEorpa, chuig ar toghadh le déanaí iad.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 246, an tríú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ó Uachtarán an Choimisiúin, a chinneadh nach gá folúntas a tharlaíonn sa Choimisiún de bharr éirí as oifig a líonadh, go háirithe nuair nach bhfuil fágtha ach beagán ama de théarma oifige an chomhalta.

(3) Ón lá a tháinig éifeacht leis an éirí as oifig, beidh níos lú ná 4 mhí fágtha de théarma oifige an Choimisiúin reatha. Ní cosúil gur gá Comhaltaí den Choimisiún atá éirithe as oifig a athsholáthar le haghaidh tréimhse chomh gearr sin, agus eagrúchán an Choimisiúin mar chomhlacht coláisteach de bhun Airteagal 17(6) den Chonradh ar an Aontas Eorpach á chur san áireamh.

(4) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chomhdhéanamh an Choimisiúin ó thús a théarma oifige nua in 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na folúntais sa Choimisiún de bhrí gur éirigh an Coimisinéir VĂLEAN agus an Coimisinéir SINKEVIČIUS as oifig, ní bheidh gá na folúntais sin a líonadh.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

BÓKA J.